**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**

***Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2011***

# *Staidéar Foirgníochta*


## *Teoiric - Gnáthleibhéal*

***(200 marc)***

***Dé Céadaoin, 22 Meitheamh***
***Tráthnóna, 2:00 go 4:30***

**(a)** *Freagair* **Ceist 1** *agus* **trí** *cheist eile.*
**(b)** *Tá na ceisteanna go léir ar aon mharc.*
**(c)** *Ní mór na freagraí a scríobh i ndúch.*
**(d)** *Ní mór na líníochtaí agus na sceitsí a dhéanamh le peann luaidhe.*
**(e)** *Scríobh uimhir na ceiste go soiléir roimh gach freagra ar leith.*
**(f)** *Ba chóir saorsceitsí néata a dhéanamh chun tuairiscí scríofa a léiriú.*
**(g)** *Ní mór ainm, méideanna, toisí agus sonraí riachtanacha eile i gcás gach ábhair ar leith a luaitear a bhreacadh ar an líníocht.*


**1.** Tá fuinneog cháisminte adhmaid le gloiniú triarach feistithe sa bhlocbhalla seachtrach de theach cónaithe, mar a thaispeántar sa sceitse. Is blocbhalla coincréite 350 mm é an balla agus tá cuas inslithe ann. Tá an balla plástráilte ar an dá thaobh. Is iad toisí fhráma feistithe na fuinneoige ná 150 mm × 80 mm.



**(a)** Tarraing, de réir scála 1:5, gearradh ceartingearach tríd an gcuid uachtarach den fhuinneog agus taispeáin fráma feistithe na fuinneoige agus na lindéir choincréite. Taispeáin na gnáthshonraí tógála ó phointe 300 mm faoi bhun na lindéar coincréite go dtí leibhéal atá 400 mm os cionn na lindéar coincréite. Cuir isteach **ceithre** ghnáth-thoise.

**(b)** Taispeáin go soiléir ar do líníocht an fleascadh (dpc) agus an t-insliú ag barr na fuinneoige.

**2.** Ar theach cónaithe a tógadh 40 bliain ó shin, mar a thaispeántar, tá blocbhalla seachtrach coincréite 300 mm. Tá cuas 100 mm sa bhalla agus níl aon insliú ann. Tá sé beartaithe ag an úinéir an teach a athchóiriú agus na rudaí seo a leanas a dhéanamh chun leibhéal an inslithe theirmigh sna ballaí seachtracha a fheabhsú:



- insliú a instealladh isteach i gcuas na mballaí seachtracha ***agus***
- córas inslithe inmheánach a fheistiú leis na ballaí seachtracha.

**(a)** I gcás **gach ceann** de na córais inslithe atá luaite thuas, taispeáin, agus nótaí agus sceitsí néata saorláimhe á n-úsáid agat, na nósanna imeachta nach mór a leanúint chun an t-ábhar inslithe a chur leis an teach. I gcás **gach** córas inslithe díobh, luaigh an t-ábhar inslithe a úsáidtear.

**(b)** Pléigh buntáiste **amháin** agus míbhuntáiste **amháin** a bhaineann le **gach** córas inslithe díobh.

**3.** Tá cúlchoire feistithe i sorn a dhónn adhmad chun uisce te a sholáthar do theach cónaithe.




**(a)** Bain úsáid as léaráid aonlíneach agus lipéid uirthi, agus taispeáin an phíbobair is gá chun uisce fuar agus uisce te a sholáthar do bháisín níocháin agus do chithfholcadh measctha, i seomra folctha mar a thaispeántar sa sceitse. Bíodh na nithe seo a leanas sa léaráid agat:

- umar stórála uisce agus píobán sceite
- príomhphíobán ardaitheach
- sorcóir indíreach
- píbobair chuig an mbáisín níocháin láimhe agus chuig an gcithfholcadh
- na comhlaí agus an t-insliú.

**(b)** Déan cur síos ar **dhá** bhuntáiste a bhaineann le cithfholcadh measctha, mar a thaispeántar, atá nasctha leis an gcóras a luaitear in **3(a)** thuas, a úsáid in ionad cithfholcadh chumhachta leictreach.

**4.** Taispeánann an sceitse an leagan amach atá ar spás cistine. Taispeántar suíomh na gcaibinéad cistine, an doirtil, an chócaireáin agus an chuisneora.




**(a)** Bain úsáid as nótaí agus sceitsí néata saorláimhe, agus taispeáin modh **amháin** chun na caibinéid lastuas a fheistiú ar bhlocbhalla coincréite le cinntiú go bhfuil siad leibhéalta agus daingean.

**(b)** Tá urlár d'adhmad soladach le feistiú ar an urlár coincréite atá ann. Bain úsáid as nótaí agus sceitsí néata saorláimhe, agus taispeáin modh **amháin** chun an t-urlár adhmaid a fheistiú. Mol adhmad a bheadh oiriúnach d'urlár cistine agus tabhair **dhá** chúis le do rogha.

**(c)** Pléigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann leis an doirteal, an cócaireán agus an cuisneoir a shuíomh mar a thaispeántar sa sceitse iad.

**5.** Taispeánann an sceitse cuid de staighre adhmaid a bhfuil stiall dhúnta ann atá oiriúnach do theach cónaithe.



**(a)** Tarraing, de réir scála 1:5, gearradh ceartingearach trí na trí chéim is íochtaraí den staighre. Taispeáin an stiall agus boinn agus éadain na gcéimeanna, agus tabhair a ngnáth-thoisí.


**(b)** Taispeáin ar do líníocht sonra dearaidh **amháin** a chinnteoidh nach mbeidh an staighre díoscánach agus é in úsáid.

**6.** **(a)** Liostaigh **dhá** réamhchúram sábháilteachta nach mór cloí leo i ngach ceann de na suímh seo a leanas agus tabhair fáth **amháin** le gach réamhchúram sábháilteachta a liostaítear:

- leac fuinneoige choincréite réamhdhéanta a feistiú ag leibhéal urlár na talún i dteach cónaithe
- ag obair in airde ar sheanteach agus é á athchóiriú.

**(b)** Bain úsáid as nótaí agus sceitsí néata saorláimhe agus déan cur síos ar **dhá** réamhchúram sábháilteachta ar leith nach mór cloí leo agus deil á úsáid sa scoil le hadhmad a dheileadh. Tabhair cúis **amháin** ar leith ar chóir cloí le gach réamhchúram sábháilteachta a liostaítear.

**7.** Taispeánann an sceitse imlíne de theach aon stóir, umar stórála uisce báistí faoi thalamh agus umar stórála ar leith don uisce baistí in áiléar an tí.



**(a)** Bain úsáid as nótaí agus sceitsí néata saorláimhe agus taispeáin an phíbobair atá riachtanach leis an uisce a phumpáil ón umar stórála faoi thalamh go dtí an t-umar san áiléar. Cuir lipéad ar na comhpháirteanna agus tabhair a gnáth-thoisí.

**(b)** Is féidir an t-uisce báistí stóráilte a úsáid i leithreas agus i meaisín níocháin. Taispeáin, ag baint úsáide as nótaí agus sceitsí néata saorláimhe duit, an phíbobair atá riachtanach le ceann **amháin** acu sin a cheangal leis an umar stórála san áiléar. Taispeáin na comhlaí atá riachtanach.

**(c)** Pléigh cúis **amháin** a stóráiltear an t-uisce báistí in umar stórála ar leith san áiléar.

**8.** Bain úsáid as nótaí agus sceitsí néata saorláimhe agus mínigh **cúig** cinn ar bith díobh seo a leanas:

- éadanchlár
- clár fuinneoige
- painéal gréine
- fotha stéille
- bun-inse
- ballacheangal
- comhla teirmeastatach
- rachta
- bacainn radóin.

**9.** Taispeánann an sceitse suíochán gairdín déanta as adhmad a dearadh le húsáid i bpáirc phoiblí.



**(a)** Bain úsáid as nótaí agus sceitsí néata saorláimhe agus pléigh gné **amháin** den dearadh a dhéanann an suíochán oiriúnach le húsáid amuigh faoin aer.

**(b)** Bain úsáid as nótaí agus sceitsí néata saorláimhe agus taispeáin modh oiriúnach le taca an sciatháin a shiúntáil leis an gcos chúil, agus pléigh an fáth a bhfuil an modh siúntála seo oiriúnach.

**(c)** Mol bailchríoch fheidhmithe chuí don suíochán gairdín. Bain úsáid as nótaí agus sceitsí néata saorláimhe agus déan cur síos ar na céimeanna atá i gceist chun dromchla an adhmaid a ullmhú agus chun an bhailchríoch a mholtar a chur ar an suíochán gairdín.

**Leathanach Bán**

**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**
*State Examinations Commission*

***Scrúdú Ardteistiméireachta, 2011***
***Leaving Certificate Examination, 2011***

# *Staidéar Foirgníochta*
## *Adhmadóireacht -Triail Phraiticiúil*


# *Construction Studies*
## *Woodwork - Practical Test*

*(150 marc/marks)*


**Note:** For clarity, some hidden detail has been omitted from the drawing.
**Nóta:** Tá roinnt sonraí fágtha ar lár as an líníocht ar mhaithe le soiléireacht.

Hand up this examination paper to the **Superintendent** at the end of examination.
Tabhair ar ais an scrúdpháipéar seo don **Fheitheoir** ag deireadh an scrúdaithe.


# Display Unit / Aonad Taispeántais





Elevation / Aghaidhchló





End View / Taobhchló




Plan / Bonnchló






***Note:*** Candidates are advised to make all the joints before shaping the sloping edges.

***Nóta:*** Moltar d'iarrthóirí na hailt go léir a dhéanamh sula dtosaíonn siad ar na corra claonta a dheilbhiú.

***Note:*** Hand up this examination paper to the **Superintendent** at the end of examination.

***Nóta:*** Tabhair ar ais an scrúdpháipéar seo don **Fheitheoir** ag deireadh an scrúdaithe.

Hand up this examination paper to the
**Superintendent** at the end of the examination

Tabhair ar ais an scrúdpháipéar seo don
**Fheitheoir** ag deireadh an scrúdaithe